Docusign Envelope ID: BF430A8A-6047-44A0-AB39-A0F51A3A97BF

`

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 23 Meán Fómhair 2024

TG4, Baile na hAbhann

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**

De bharr cúrsaí tinnis, d'fhreastail Anna Ní Ghallachair, Seán Ó Cuirreáin agus Sonia Nic Giolla Easbuig ar Zoom. Bhí na comhaltaí eile i mBaile na hAbhann.

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí.

2. **Deimhniú Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa seachas an méid a bhí tugtha le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Glacadh le miontuairiscí Mhí Iúil.

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Ní raibh aon ghnó ag eirí as na miontuairiscí.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

5.1 **Rialtas, Roinn, Coimisiún na Meán agus RTÉ**

*5.1.1 ARPPF:* Mhínigh an tArd-Stiúrthóir, bunaithe ar ghealltanais bhliantúla TG4 (ASPC), go ndéantar léirmheas inmheánach ar spriocanna TG4 agus go ndéanann Coimisiún na Meán léirmheas bliantúil ar na spriocanna sin agus molann siad leibhéal maoinithe TG4 don bhliain dar gcionn (ARPPF - Annual Review of Performance and Public Finance). Thug sé le fios nach raibh TG4 ar chor ar bith sásta leis an tuairisc a tháinig ó Choimisiún na Meán i ndeireadh Mhí Lúnasa (scríofa ag comhlacht Communications Chambers i Sasana), go háirithe mar gheall ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an ARPPF ar Bhuiséad 2025. Dúradh gur chuir TG4 freagra chuig Coimisiún na Meán agus go raibh cruinniú le

Docusign Envelope ID: BF430A8A-6047-44A0-AB39-A0F51A3A97BF

feidhmeannaigh Choimisiún na Meán ar an 11 Meán Fómhair inar pléadh próiseas ARPPF agus tuairimí TG4 maidir le tuairisc Communications Chambers.

Dúradh go raibh cruinniú ag an Ard-Stiúrthóir le Coimisinéir Craolacháin nua-cheaptha Choimisiún na Meán an tseachtain seo freisin agus gur rinne sé cur i láthair di faoi Straitéis TG4. Déanfar an múnla don ARPPF a athrú an bhliain seo chugainn agus tá súil go mbeidh slata tomhais níos oiriúnaí dá thoradh sin.

*5.1.2 Coimisiún Um Thodhchaí na Meán*
*Moladh 7.1:* Dúirt an tArd-Stiúrthóir gur dhearbhaigh CnaM ag an gcruinniú leo i Mí Meán Fómhair, nach raibh siad in ann aon phlé a dhéanamh ar mholadh CTnaM 7.1 maidir le Nuacht TG4. Thug siad le fios nach raibh an cur chuige ar 7.1 aontaithe le RTÉ. Dúirt an tArd-Stiúrthóir gur chuir sé in iúl do CnaM go raibh RTÉ ag diúltú teagmháil nó plé le TG4 ar an gceist seo ó Mhí Aibreáin agus dúirt gur le Nuacht TG4 a bhaineann 7.1, ní le Nuacht RTÉ.

*Moladh 7.2:* Thug an tArd-Stiúrthóir le fios gur tháinig litir ó Choimisinéir Forbartha na Meán ar an 12 MF maidir leis an Athbhreithniú Cuimsitheach ar sholáthar Seirbhísí na Meán Gaeilge (CTnaM Moladh 7.2) Dúradh nach mbeadh an tAthbhreithniú críochnaithe go dtí lár na bliana 2025 agus go raibh súil é a bheith déanta in am chun tionchar a imirt ar Bhuiséad 2026.

*5.1.3 Roinn na Meán:* Dúradh go mbíonn cruinniú rialta idir TG4 agus oifigigh na Roinne agus go raibh súil ag an Roinn cuairt a thabhairt ar Bhaile na hAbhann don chruinniú rialta seo sa bhfómhar.

*5.1.4 NIMux/ DCMS/ OFCOM:* Mheabhraigh an tArd-Stiúrthóir mar chuid de chomhaontaithe Aoine an Chéasta agus Chill Rímhinn, gur aontaíodh go n-éascófaí craoladh na dtrí chainéal Seirbhíse Poiblí in Éirinn ar fud Thuaisceart Éireann. In 2012, bhunaigh TG4 agus RTÉ comhfhiontar dar teideal Multiplex Broadcasting Services NI Limited (NIMux) chun maoirsiú a dhéanamh ar chraoladh RTÉ One, RTÉ Two, agus TG4 i dTuaisceart Éireann. Dúradh go roinntear na costais a bhaineann leis an gcomhlacht seo a rith idir RTÉ agus TG4 bunaithe ar líon na gcainéal, le RTÉ ag clúdach 66.6% de na costais iomlána agus TG4 33.3%. Dúradh go gclúdaíonn an Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt (DCMS) cuid 33% TG4 go hiomlán.

Thug an tArd-Stiúrthóir le fios gur rith an conradh tosaigh don tseirbhís ó 2012 go 2024 agus go raibh sé le dul in éag ar 23 Deireadh Fómhair. Mhínigh sé gur chlúdaigh an conradh trí shuíomh tarchuradóra ar dtús, ach bhí sé seo

Docusign Envelope ID: BF430A8A-6047-44A0-AB39-A0F51A3A97BF

méadaithe go cúig shuíomh in 2019 chun clúdach a choinneáil láidir. Níos luaithe an samhradh seo, rinne OFCOM athnuachan ar an gceadúnas tarchuir ar feadh 10 mbliana eile.

Míníodh go raibh idirbheartaíocht ar siúl le cúpla mí anuas idir NIMux agus Arqiva, an comhlacht atá freagrach as seirbhísí ilphléacsála agus tarchurtha. Dúradh go raibh an plé sin beagnach tugtha chun críche, gan ach roinnt mionsonraí fágtha. Táthar ag súil go ndéanfar an conradh le Arqiva a athnuachan agus a shíniú roimh an 24 Deireadh Fómhair. Arís eile, clúdóidh DCMS na costais go léir a bhaineann le cuid TG4. Soláthraíonn NIMux clúdach faoi láthair do bhreis is 96% de dhaonra Thuaisceart Éireann

**5.2 Coimisiúnú, Eagarthóireacht, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíocht, Cartlann.**

*5.2.1 Cearta Spóirt:* Tugadh le fios go raibh an URC (Rugbaí) agus CLG i dteagmháil le TG4 faoi chearta spóirt. Dúradh go raibh na cearta rugbaí tábhachtach do TG4 agus gur mhaith le TG4 leanacht leis na cearta atá againn faoi láthair. Dúradh go raibh an CLG ag lorg tairiscintí breise do chuid de na cluichí craoibhe a bhí ar GAAGo go dtí seo. Míníodh go raibh stádas ard bainteach le cearta craoibhe CLG agus gur mhaith cuid de na cearta seo a fháil. Ach meabhraíodh go raibh buiséad an-teoranta againn.

*5.2.2 Seoladh an Fhómhair:* Dúradh gur sheol TG4 sceideal an fhómhair in Óstán an Dean i gCathair na Gaillimhe ar an 09/09 agus go raibh idir léiritheoirí agus phearsana so-aitheanta an stáisiúin i láthair. Seoladh sceideal Cúla4 freisin,agus ceiliúradh bliain ar an aer don chainéal ar 08/09.

Dúradh go mbeadh drámaíocht ardchaighdeáin le feiceáil i rith an tséasúir ar TG4, ina measc an tsraith **Crá** a léiríodh i dTír Chonaill.

Dúradh go raibh ardmholadh faighte ag scannán **Kneecap**, atá i bpictiúrlanna faoi láthair, agus is é atá roghnaithe ag IFTA le hionadaíocht a dhéanamh ar an tír seo sa chatagóir Oscar don Fhadscannán Idirnáisiúnta is Fearr.

Déanadh tagairt de chuid de na sraitheanna nua a bheidh i Sceideal an Fhómhair: **Fathaigh na Farraige**, clár ar an gcaidreamh atá ag muintir na hÉireann le siorcanna; **Idir Dhá Bhaile**, léargas ar theaghlach amháin as an Úcráin a tháinig go hÉirinn. **Na Lumière Gaelacha**, triúr deartháireacha as oirthear Chorcaí a chuir tús le cúrsaí scannánaíochta in Éirinn; **Brendan Gleeson's Farewell to Hughes's**; **Thomas Moore - Bard na hÉireann**, **Pogrom Bhéal Feirste** a léiríonn

Docusign Envelope ID: BF430A8A-6047-44A0-AB39-A0F51A3A97BF

cás na Náisiúnaithe sa Tuaisceart tar éis chríochdheighilt na hÉireann; Sraith staire **De Valera san Fhásach** agus an sraith **Scéalta ár Stampaí**. Ó thaobh na siamsaíochta, beidh sraitheanna **Hector sa Caribbean**; **Junior Eurovision; Éadaí SOS** agus sraith nua **Mise le Mess, Naíonraí** agus **Síorstíl.**

## 5.3 Acmhainní Daonna, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne.

*5.3.1 Acmhainní Daonna:* Tugadh le fios go raibh ceapacháin déanta le déanaí do Eagarthóir Coimisiúnaithe Clár, don phost mar Chomhordaitheoir Mol Cruthaitheach (clúdach) agus don phost Riarthóir Cumarsáide (clúdach). Mar thoradh ar sin tá folúntais fógartha mar Eagarthóir Léiritheoir (Molscéal) agus mar Comhordaitheoir Oibríochtaí. Tá folúntais nua fógartha freisin do Chuntasóir Airgeadais - Conradh Buan agus d'Oifigeach Rialachais Chorparáidigh - Conradh Buan.

*5.3.2 Foireann Nuacht TG4:* Dúradh go raibh cruinnithe iarrtha arís le SIPTU & NUJ chun moltaí TG4 maidir le Nuacht TG4 a phlé. Tugadh an Aighneacht Réamh-Bhuiséad dóibh mar eolas agus le roinnt lena gcuid ball ceardchumainn a oibríonn le Nuacht TG4.

*5.3.3 Polasaí TOIL:* Dúradh go raibh leasú déanta ar an bpolasaí TOIL le deimhniú go bhfuil baill foirne ag cloí leis an Acht Um Rialachais Oibre (Working Time Act) agus iad ag freastal ar ócáidí lasmuigh den láthair oibre.

*5.3.4 Comhdháil Climate on Culture:* Dúradh gur reáchtáladh an chomhdháil idirnáisiúnta 'Climate on Culture' i nGaillimh idir 18-21 Meán Fómhair. Bhí baint lárnach ag TG4 leis an eagrú i gcomhar le páirtnéirí eile. Luíonn an togra seo isteach le straitéis inbhuanaitheachta TG4 agus bhí painéil éagsúla ann a bhain le cultúr, comhshaol, inbhuanaitheacht, cruthaitheacht, cearta daonna, sláinte, oideachas, srl.

*5.3.5 TRANSMIXR:* Tugadh le fios go bhfuil muid sa bhliain deireanach den togra Eorpach HORIZON seo agus ag éirí go maith leis. Dúradh go raibh obair ar bun ag TG4 maidir le cás úsáide na nuatheicneolaíochta i gcomhthéacs nuachta. Tá súil Gailearaí léiriúcháin agus stiúideo fíorúil a úsáid chun clár píolótach a léiriú le teicneolaíocht VR & AR i mí Mhárta seo chugainn.

*5.3.6 Spásanna Oibre:* Meabhraíodh go raibh obair athchóirithe le déanamh ar an tseanleabharlann chun spás breise a chruthú don fhoireann. Dúradh go raibh plé ar siúl le bainisteoirí maidir le riachtanais foirne sna blianta beaga amach romhainn le gur féidir plean meán-téarmach ó thaobh spásanna oibre a chur le

Docusign Envelope ID: BF430A8A-6047-44A0-AB39-A0F51A3A97BF

chéile don Cheannáras. Gach seans go mbeidh togra caipitil i gceist agus spás breise le tógáil.

*5.3.7 EBU: Míníodh go raibh TG4* ag obair ar 'Neurodiversity Toolkit' do chraoltóirí seirbhíse poiblí a chur le chéile trí choiste Éagsúlachta, Cothroime & Ionchuimsitheacha an EBU agus Eleanor McSherry ó Ollscoil Chorcaigh mar éascaitheoir ar seo linn.

**5.4 Miontuairiscí**

Roinneadh miontuairiscí na gcruinnithe Ard-Bhainistíochta leis an mBord.

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 *Earcaíocht:* Thug an Cathaoirleach le fios go raibh an próiséas earcaíochta tosaithe le Ard-Stiúrthóir nua a cheapadh do TG4. Dúirt sí go mbeadh bord agallaimh le cur le chéile sa mhí romhainn agus go mbeadh ionadaithe ón bhord air sin.

6.2 *Litir ón Aire:* Dheimhnigh an Cathaoirleach gur tháinig litir ar ais ón Aire chuici maidir leis an gcomhfhreagras faoi neamhspleáchas eagarthóireachta do sheirbhís nuachta TG4.

6.3 *Ócáidí*: Thréaslaigh an Cathaoirleach leis an fhoireann agus leis an earnáil léirithe as réimse na gclár ag seoladh Sceideal an Fhómhair. Dúirt sí gur ócáid mhaith agus dhearfach a bhí ann. Chuir sí fáilte roimh an deis casadh le léiritheoirí neamhspleacha ag an ócáid agus thagair do chuid de na dúshláin agus moltaí a pléadh.

Mhol an Cathaoirleach ócáid TG4 ag Craobhacha Peil na mBan ar an 4ú Lúnasa. Dúirt sí gur lá spleodrach a bhí ann i bPáirc an Chrócaigh. Dúirt sí go raibh an ócaid an-dearfach agus gur deis a bhí ann obair TG4 a léiriú do pholaiteoirí, geallsealbhóirí agus aíonna a bhí i láthair.

6.4 Rialachán Boird: Dheimhnigh an Cathaoirleach go raibh DHKN chun measúnú boird a dhéanamh i Mí na Samhna. Dúirt sí go raibh cúrsa Rialachais Bhoird eagraithe ar an 18ú Deireadh Fómhair.

**7. Cuntais Mhí Lúnasa 2024**

Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar Chuntais TG4 ag deireadh Mhí Lúnasa. Thug sí cuntas ar Chaiteachas, Ioncam Tráchtála, Fiachóirí &

Docusign Envelope ID: BF430A8A-6047-44A0-AB39-A0F51A3A97BF

Fabhraithe don mhí mar aon le Costais Chaipitil go dáta. Dúradh nach raibh aon athrú suntasach ann.

Glacadh leis na cuntais.

**8. Tuairisc Lucht Féachana**

Tháinig an Bainisteoir Taighde & Léargais Lucht Féachana ar Zoom agus thug sí tuairisc don bhord ar Lucht Féachana Mhí Iúil & Lúnasa 2024. Dúradh go raibh an sciar féachana i Mí Iúil ag 1.3% (1.7% sa bpríomh-am) agus i Mí Lúnasa ag 1.8% (2.1% sa bpríomh-am). Bhí tionchar mór ag Spórt Beo agus na Cluichí Oilimpeacha ar chainéil eile ar an sciar féachana.

D'éirigh an-mhaith le cluichí craoibhe Pheil na mBan agus le craoladh *Fleadh Cheoil* beo ó Loch Gorman. Bhí sraitheanna *An Cósta Thiar* agus *Bailte* láidir le painéal Fios Físe, maraon le beochraoladh an *Tour de France*.

Ar an Seinnteoir, b'é an Spórt Beo agus an Fhleadh Cheoil ba mhó a mheall lucht féachana agus rinne an *Aer Lingus College Football Classic* go maith freisin, maraon le *Scéalta na gCorn* agus an *Tour de France*. Ar na meáin shóisialta, bhí tóir mhór ar mhír Portaireacht Béil ón bhFleadh Cheoil agus ar mhír faoin scannán Kneecap.

**9. Straitéis Inbhuanaitheachta - Gaeilge, Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas (GESG)**

Thug an Stiúrthóir Oibríochtaí & Acmhainní Daonna tuairisc ar an obair le Straitéis GESG a chur i bhfeidhm. Dúradh go raibh obair mhaith déanta le feasacht a ardú agus go raibh grúpaí oibre curtha le chéile faoi stiúir an chomhlachta Corcimpact. Dúradh go mbeifí ag tógaint ar seo in 2025.

**10. Tuairisc Fo-Choistí Boird**

10.1 Tuairisc ón Choiste Iniúchóireachta & Riosca 16/07:

Tugadh tuairisc ar chruinniú an choiste Iniúchóireachta & Riosca 16/07. Dúradh gur thug DHKN tuairisc don choiste ar iniúchadh an chórais bhainistithe riosca agus go rabhthas sásta gur leor na córais agus na cleachtais maidir le bainistiú riosca atá i bhfeidhm i TG4 le rioscaí a mhaolú agus a bhainistiú. Ghlac an coiste le roinnt leasuithe ar an pholasaí riosca a d'eascair as an iniúchóireacht. Moladh an teimpléad nua a bhain le

Docusign Envelope ID: BF430A8A-6047-44A0-AB39-A0F51A3A97BF

bainistiú riosca a thugann tuairisc chuimsitheach ar an staid reatha. Nótáladh na rioscaí suntasacha a bhí ann do TG4 i réimsí éagsúla.

Dúradh go bhfuair an coiste tuairisc ar chóras Contras agus nach raibh aon rud suntasach ann le hardú.

Dúradh gur thug an Stiúrthóir Teicneolaíochta tuairisc don choiste ar chúrsaí teicneolaíochta agus ar obair a bhí ar siúl de thoradh na hiniúchóireachta ar an chibearshlándáil. Dúradh go rabhthas ag féachaint ar an plean athshlánaithe i gcás tubaiste (Disaster Recovery Plan) agus roghanna á bplé.

10.2 Tuairisc ón Choiste Branda 03/09

Tugadh tuairisc ar chruinniú an choiste Branda 03/09. Déanadh plé ar fhreastal TG4 ag ócáidí, féilte agus imeachtaí éagsúla agus na critéir a bhain le ócáidí a roghnú agus an chaoi a dtomhaistear éifeacht na n-ócáidí.

Déanadh plé maidir le Brandáil TG4 san oifig, agus go h-áirithe ag an fháiltiú. Pléadh an bhrandáil go ginearálta agus bealaí chun an branda a bheith níos feiceálaí.

Déanadh plé maidir le Infheicíocht TG4 ins na réigiúin agus na bealaí le aitheantas áitiúil TG4 a neartú.

10.3 Tuairisc ón Choiste Nuachta 15/07 & 16/09

Bhí an Ceannasaí Nuachta & Cúrsaí Reatha i láthair don mhír seo.
Tugadh tuairisc ar dhá chruinniú a bhí ag an gCoiste Nuachta 15/07 & 16/09

Ag Cruinniú 15/07, thug an Ceannasaí Nuachta & Cúrsaí Reatha tuairisc don choiste ar na comhráití le Coimisiún na Meán maidir le Moladh 7.1 agus ar na cruinnithe maidir le Aighneacht Réamh-Bhuiséid TG4, a leag amach cás maoinithe don tseirbhís nuachta neamhspleách.

Dúradh go bhfuair an Coiste Nuachta cur i láthair ó roinnt Seomraí Nuachta Eorpacha le léargas a thabhairt ar na múnlaí oibre a bhí i bhfeidhm acu sin. Déanadh plé ar na dúshláin a bheadh le seirbhís nuachta neamhspleách agus moltaí an choiste ina leith.

Ag Cruinniú 16/09 rith an Coiste Nuachta rún d'aonghuth le cur faoi bhráid an Bhoird. Leag an rún seo amach na bunphrionsabail don tseirbhís

Docusign Envelope ID: BF430A8A-6047-44A0-AB39-A0F51A3A97BF

nuachta faoi eagarthóireacht neamhspleách TG4, agus thug cuntas ar na dúshláin a bheidh le sárú sa ngearrthéarma. Mar chuid den rún, mhol an Coiste go n-ullmhódh an tArdbhainistíocht & Ceannaire Nuachta agus Cúrsaí Reatha TG4 dréachtphlean roimh dheireadh 2024 le cuir faoi bhráid Bhord TG4.

Ghlac an Bord leis an rún.

**11 Riarachán Boird**

11. 1 Polasaí Riosca:

Cuireadh leagan uasdátaithe den Pholasaí Riosca (a bhí Ceadaithe ag an gCoiste Iniúchóireachta & Riosca) faoi bhráid an Bhoird.
Cheadaigh an Bord é.

11.2 Téarmaí Tagartha an Bhoird:

Ar iarratas an Bhoird, rinne Stiúrthóir Dlí TG4 athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Bhoird, Cuireadh leagan uasdátaithe de na Téarmaí Tagartha faoi bhráid an Bhoird.
D'aontaigh an Bord é a thabhairt le ceadú ag an chéad chruinniú eile.

**12. Gnó Chomhaltaí Boird**

Ní raibh aon ghnó sa bhreis.

**13. Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó sa bhreis.

**Críoch**

DocuSigned by:

*Síniú* Anna Ní Ghallachair ________________________________

1015C3949944407...

*Dáta* 7.2.2025 ________________________________